RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1122 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 lena gcuirtear Ráta Tairgthe Idirbhainc na hIorua le liosta na dtagarmharcanna criticiúla agus lena mbaintear Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan de liosta na dtagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais, liosta arna bhunú de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is féidir tagarmharcanna a aithint mar thagarmharc criticiúil i gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointe (a), pointe (b) nó pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/1011. Ceanglaítear le hAirteagal 20(1), pointe (b), gur gá do thagarmharcanna, chun go n-aithneofar tagarmharcanna den sórt sin mar thagarmharcanna criticiúla, gur gá dóibh a bheith bunaithe ar shonraí ionchuir arna gcur isteach ag rannchuiditheoirí a bhfuil a bhformhór acu lonnaithe i mBallstát amháin agus go n-aithnítear go bhfuil siad criticiúil sa Bhallstát sin. An 11 Lúnasa 2016, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 ón gCoimisiún ([2]) lenar bunaíodh liosta na dtagarmharcanna criticiúla.

(2) Tá Rialachán (AE) 2016/1011 infheidhme sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) agus cuireadh chun feidhme é i reachtaíocht na hIorua an 6 Nollaig 2019.

(3) An 3 Nollaig 2020, chuir údarás inniúil na hIorua, an *Finanstilsynet*, fógra chuig an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ("ÚEUM") faoina thogra chun aitheantas a thabhairt do Ráta Tairgthe Idirbhainc na hIorua ("NIBOR") mar thagarmharc criticiúil faoi Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/1011, toisc go bhfuil NIBOR ríthábhachtach san Iorua agus go bhfuil sé bunaithe ar aighneachtaí rannpháirtithe a bhfuil siad uile lonnaithe san Iorua.

(4) Is ráta tagartha é NIBOR atá bunaithe ar mheán na rátaí úis ag a bhfuil bainc atá ag feidhmiú i margadh airgid na hIorua toilteanach cistí neamhurraithe a thabhairt ar iasacht dá chéile ar aibíochtaí éagsúla. Cinntear NIBOR ar bhonn laethúil maidir le cúig aibíocht éagsúla: 1 seachtain amháin agus 1 mhí amháin, 2 mhí, 3 mhí agus 6 mhí. Amhail ón 3 Nollaig 2020, tá sé bhanc páirteach i bpainéal NIBOR a bhfuil siad uile lonnaithe san Iorua.

(5) Sa mheasúnú a chuir sé faoi bhráid ÚEUM, tháinig *Finanstilsynet* ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar díobhálach suntasach a bheith ar fheidhmiú margaí airgeadais san Iorua ag scor NIBOR, nó ag a sholáthar ar bhonn sonraí ionchuir nó ar bhonn painéil rannpháirtithe nach bhfuil ionadaíoch a thuilleadh ar an mbunmhargadh nó ar an bhfíorchás eacnamaíoch.

(6) Léiríonn an measúnú a rinne an *Finanstilsynet* go n-úsáidtear NIBOR mar thagairt in iasachtaí do theaghlaigh agus d'institiúidí neamhairgeadais ar fiú thart ar EUR 418 mbilliún, arb ionann é sin agus 94 % de luach iomlán na n-iasachtaí a thugtar san Iorua do theaghlaigh agus d'institiúidí neamhairgeadais, luach é sin ar fiú 136 % d'olltáirgeacht intíre na hIorua (OTI). Ina theannta sin, fónann NIBOR mar thagairt do na híocaíochtaí cúpóin i gcomhair tuairim is 60 % de luach ainmniúil iomlán na mbannaí ráta athraithigh san Iorua, suim iomlán é sin ar fiú thart ar EUR 130 billiún. Thug an *Finanstilsynet* fianaise freisin, bunaithe ar shonraí ó chontrapháirtí lárnach aonair, go n-úsáidtear NIBOR mar thagairt i ndíorthaigh ráta úis thar an gcuntar (OTC) le haghaidh méid barúlach gan íoc

([1]) IO L 171, 29.6.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2016 lena mbunaítear liosta na dtagarmharcanna criticiúla a úsáidtear i margaí airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 217, 12.8.2016, lch. 1).

de EUR 1 988 mbilliún ar a laghad amhail ó Dheireadh Fómhair 2020. Ar deireadh, léirigh an *Finanstilsynet* go ndéantar tagairt do NIBOR faoi láthair i gcistí infheistíochta a bhfuil glanluach sócmhainní iomlán EUR 0,3 billiún orthu. Dá bhrí sin, tá luach iomlán na n-ionstraimí airgeadais agus na gconarthaí airgeadais a thagraíonn do NIBOR ocht n-uaire níos airde ar a laghad ná olltáirgeacht náisiúnta na hIorua.

(7) Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú a rinne an *Finanstilsynet* go bhfuil NIBOR ríthábhachtach do chobhsaíocht airgeadais agus do shláine an mhargaidh san Iorua, agus go bhféadfadh tionchar díobhálach suntasach a bheith ag neamhleanúnachas nó neamhiontaofacht NIBOR ar fheidhmiú na margaí airgeadais san Iorua agus ar chuideachtaí agus ar thomhaltóirí mar go n-úsáidtear é le haghaidh iasachtaí, táirgí creidmheasa do thomhaltóirí, díorthaigh ráta úis thar an gcuntar agus cistí infheistíochta.

(8) An 28 Eanáir 2021, tharchuir ÚEUM a thuairim chuig an gCoimisiún, tuairim ina leagtar amach go gcomhlíonann an measúnú a rinne an *Finanstilsynet* ceanglais Airteagal 20(3) de Rialachán (AE) 2016/1011 agus gur sholáthair an *Finanstilsynet* sonraí cainníochtúla chun tacú leis an gcás maidir le haitheantas a thabhairt do NIBOR mar thagarmharc criticiúil, chomh maith le réasúnú anailíseach a leagann béim ar ról ríthábhachtach NIBOR i ngeilleagar na hIorua.

(9) De réir Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2016/1011, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na dtagarmharcanna criticiúla gach 2 bliain ar a laghad, agus is riarthóirí atá lonnaithe san Aontas a sholáthróidh na tagarmharcanna sin. An 31 Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas. Dá bhrí sin, níl tagarmharcanna arna soláthar ag riarthóir atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe incháilithe a thuilleadh mar thagarmharcanna criticiúla agus ba cheart iad a bhaint de liosta na dtagarmharcanna criticiúla atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368. Cáilíodh Ráta Tairgthe Idirbhainc Londan (LIBOR) mar thagarmharc criticiúil an 19 Nollaig 2017, agus dá bhrí sin ba cheart LIBOR a bhaint de liosta na dtagarmharcanna criticiúla atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368.

(10) Leasaíodh Rialachán (AE) 2016/1011 le Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), *inter alia* chun ÚEUM a cheapadh ina údarás inniúil le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1), i bpointe (a) agus i bpointe (c), de Rialachán (AE) 2016/1011 amhail ón 1 Eanáir 2022. Mar sin féin, is faoin údarás inniúil náisiúnta ábhartha i gcónaí an inniúlacht le haghaidh riarthóirí tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/1011. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndéantar idirdhealú i liosta na dtagarmharcanna criticiúla arna bhunú ag an gCoimisiún idir tagarmharcanna criticiúla dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (a) agus pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/1011 agus iadsan dá dtagraítear in Airteagal 20(1), pointe (b), den Rialachán sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368 a leasú dá réir.

(12) I bhfianaise ríthábhacht NIBOR, an úsáid fhorleathan a bhaintear as agus an ról atá aige i leithdháileadh caipitil san Iorua, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1368.

([3]) Rialachán (AE) 2019/2175 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas, agus Rialachán (AE) 2015/847 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí (IO L 334, 27.12.2019, lch. 1).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

Liosta na dtagarmharcanna criticiúla de bhun Airteagal 20(1), pointe (a) agus pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/1011

Uimh.	Tagarmharc	An Riarthóir	Suíomh
1	Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (EURIBOR®)	Institiúid Eorpach na Margaí Airgid (EMMI)	An Bhruiséil, an Bheilg
2	Meáninnéacs Euro Thar Oíche (EONIA®)	Institiúid Eorpach na Margaí Airgid (EMMI)	An Bhruiséil, an Bheilg

Liosta na dtagarmharcanna criticiúla de bhun Airteagal 20(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2016/1011

Uimh.	Tagarmharc	An Riarthóir	Suíomh
1	Ráta Tairgthe Idirbhainc Stócólm (STIBOR)	Cumann Baincéirí na Sualainne (*Svenska Bankföreningen*)	Stócólm, an tSualainn
2	Ráta Tairgthe Idirbhainc Vársá (WIBOR)	GPW Benchmarks S.A.	Vársá, an Pholainn
5	Ráta Tairgthe Idirbhainc na hIorua (NIBOR)	*Norske Finansielle Referanser* (NoRe)	Osló, an Iorua."